# Imeachtaí

**■ Féile na Bealtaine**
An Daingean, Co. Chiarraí
1-5 Bealtaine Téama: An tSín
Suzanne Murphy (mezzo-sprano) & Eibhlín Ní Bheaglaíoch
Banchieri-cóir ón Úngáir
Huur Huun Tu ó Mongolia/An Rúis;
Filíocht; Taispeántais ealaíne; Drámaí
*Tuilleadh Eolais: 066 915 1082*
*www.feilenabealtaine.ie*


Suzanne Murphy

**■ Féile Chomórtha Joe Éinniú**
1-4 Bealtaine Carna, Conamara
*Tuilleadh Eolais: 095 33599*

**■ Áras Éanna**
Inis Oírr, Árainn, Cuan na Gaillimhe
5 Bealtaine 7.30 i.n. Ceolchoirm Enda & Fergal Scahill, Treasa Ní Mhiolláin, Páraic Ó hOibicín
17 Bealtaine 8.30 Louis de Paor & John Spillane
1 Meitheamh Gearóid Ó hAllmhuráin, Patrick Ourceau
30/6-4 /7 Craiceann, Scoil Bodhráin
14 Iúil James Kelly (Fidil) *Tuilleadh eolais: 099 75150*

**■ An tIonad Cultúrtha**
Baile Bhuirne, Co. Chorcaigh
2-16 Bealtaine Taispeántas na nAosach (TACAOIS)
2 Bealtaine Ronan Browne & Peadar Ó Lochlainn
9 Bealtaine Giotár Clasaiceach le Simon Dinnigan
29 Bealtaine Micheál Ó Súilleabháin & Mel Mercier
6 Meitheamh Frankie Gavin & Arty McGlynn
*Breis Eolais: (026) 45733: ionadculturtha@eircom.net*

**■ Ceardlann na gCrosbhealach**
An Fál Carrach. Co. Dhún na nGall
17 Bealtaine – 21 Meitheamh Taispeántais Grúpa
Dé Máirt – Dé hAoine 10.00 r.n. – 5.00 i.n. Dé Satharn 2.00 i.n. – 5.00 i.n.
*Tuilleadh eolais: 074 65594 ceardlann@eircom.net*

**■ Díseart**
An Daingean, Co. Chiarraí
Cúrsaí: 18/5 – 1/6 Oilithreacht Siúlóide Ealaíne
24/5– 8 /6 Bunchúrsa sa Chultúr Dúchais
8/7– 10/8 Holy Show ó Leabharlann Chester Beatty
Eolas: 066 915 2476

**■ Féile Litríochta Iorrais**
27-29 Meitheamh Teach Iorrais, Gaoth Sáile, Co. Mhaigh Eo. JM Synge & Iorras
Léachtaí; Taispeántas ón nGailearaí Náisiúnta;
Ceardlanna ealaíne, scríbhneoireachta, damhsa.
*Tuilleadh Eolais: Bríd Uí Chuinn (097) 83568*

**■ Coiste Cheoil Shliabh a' Liag**
Foras Cultúr Uladh, Gleann Cholmcille
8.30 2 Iúil Ceoltóirí na hÁite







Graificí le *(ó chlé)* Deirdre Robb, Pierce agus Ima Pico

9 Iúil Dinny McLaughlin & a chairde
30 Iúil Joe Burke & Anne Conroy
*Tuilleadh Eolais: Tomás Ó Beirne (073) 39101*

**■ An Dánlann Dearg**
22 Carraig an tSeascain, Doirí Beaga, Co. Dhún na nGall
6 – 20 Iúil Stora Dímun Grúpthaispeántas
Luan – Aoine: 12.30 i.n. – 2.30 i.n. Satharn & Domhnach: 1 i.n. – 6 i.n.

**■ Campaí Samhraidh an Phléaráca**
Rosmuc, Co. na Gaillimhe, Ealaín, Potaireacht, Ceol
7-11 Iúil (4-6 bliana d'aois); 14-18 Iúil (7-9)
21-25 Iúil (10-13) *Tuilleadh Eolais: 091 574 346*

**■ Féile Ealaíne an Earagail**
7 – 20 Iúil Co. Dhún na nGall. Suas le 100 imeacht ceoil, drámaíochta, liteartha & ealaíne
*Tuilleadh Eolais: Oifig na Féile (074) 29186*
*lkarts@indigo.ie www.donegalculture.com*

**■ Féile Iorrais**
Iorras, Co. Mhaigh Eo
25 Iúil - 3 Lúnasa Ceol ón Ind, ó Mheiriceá Theas, Latvia & Sasana l Ceardlanna ceoil, ealaíne & drámaíochta do pháistí Tuilleadh Eolais: (097) 20977 l www.feileiorras.org l info@feileiorras.org

**■ Scoil Acla**
28 Iúil – 10 Lúnasa Acaill, Co. Mhaigh Eo
Ceolchoirmeacha, ceardlanna damhsa, amhránaíochta ar an sean-nós, scríbhneoireachta agus ealaíne. Táillí: 90
*Tuilleadh Eolais: Kieran O Malley (098) 43063*
*www.scoilacla.com*

**■ Féile na mBoscaí 's na mBreac (Anord)**
31 Iúil – 3 Lúnasa Dúiche Sheoigheach, Co. na Gaillimhe
An Maimín Cajun — SHAKE — Ceol Traidisiúnta agus Ceardlanna Ealaíne. *Tuilleadh Eolais: (087) 132 0463*

**■ Ceol na Locha**
Tuar Mhic Éadaigh, Co. Mhaigh Eo
11-15 Lúnasa l Scoil ceoil/ealaíne. Ceardlanna ceoil, ealaíne, amhránaíochta agus damhsa ar an sean-nós.
Tuilleadh Eolais: Síle Ní Thuathail (092) 44229
www.tourmakeady.com




Eisithe ag Ealaín na Gaeltachta Teo, Údarás na Gaeltachta, Na Forbacha, Co. na Gaillimhe ■ (091) 503197 ■ eolas@udaras.ie

# Comórtas!




Le seoladh www.ealain.ie a cheiliúradh, tá Ealaín na Gaeltachta ag reáchtáil comórtais don óige:

**Comórtas Ealaíne do Pháistí Bunscoile***
Naíonáin – Rang 2: Duais €50
Rang 3 – Rang 6: Duais €80
Don Scoil is fearr:Duais €200
Comórtas Filíochta do Dhaltaí Iarbhunscoile*

Faoi 14: Duais €100
Faoi 18: Duais €150
Don Scoil is fearr Duais: €200
Spriocdháta: Dé hAoine 9 Bealtaine 03
Tuilleadh eolais: **www.ealain.ie/fograi/**

*Scoileanna Gaeltachta

# Smidiríní

Ghlac aonar déag scoláirí ealaíon ón Daingean páirt i dtionscnamh feighlí ealaíon i Músaem Nua Ealaíon na hÉireann (IMMA) le déanaí. Eagraíodh an togra faoi stiúir an mhúinteoir ealaíon Brenda Ní Fhrighil.

Léirigh Catherine Marshall agus Joanne Mullen ón Dánlann an bailiúcháin náisiúnta ina bhfuil ealaíontóirí náisiúnta agus idirnáisiúnta, atá ar choimeád sa Mhúsaem i gCill Mhaighneann. Is faoi Scéim na bhFeighlí Óga de chuid an Mhúsaem a eagraíodh an tionscnamh agus b'iad na scoláirí iad féin a roghnaigh agus a d'eagraigh gach pioc den taispeántas.

Smidiríní atá roghnaithe mar theideal acu toisc go bhfuil píosaí éagsúla ilghnéitheach mar chuid den taispeántas. I measc na bpíosaí tá pictiúir, dealbhóireacht, píosa suiteála (físeán). I measc na n-ealaíontóirí atá páirteach ann tá ealaíontóirí náisiúnta agus idirnáisiúnta ar



nós Marie Jo Lafontaine, John Kindness, Barry Cooke. I láthair na huaire tá na feighlithe óga ag ullmhú na catalóige a ghabhfaidh leis an taispeántas. Tá sé i gceist an taispeántas a bheith ar siúl sa Daingean i gClós na bhFíodóirí agus in ionaid eile ar an mbaile. Beidh sé ar oscailt don bpobal ón 1ú Bealtaine.

Tuilleadh eolais : (066) 9151605

# Na Cluichí Speisialta Oilimpeacha

I gcaitheamh an tsamh-raidh beidh gach baile sa tír ag cur thar maoil le cuairteoirí eachtrannacha dos na Cluichí Speisialta Oilimpeacha. Tá togra ealaíon á reachtáil in Uíbh Ráthach faoi stiúir an ealaíontóra Seán Ó Laoghaire mar chuid den réamhobair sa taobh sin tíre. I gCorca Dhuibhne chomh maith tá comhoibriú ar siúl idir Choiste na nOilimpeach Speisialta agus Oidhreacht Chorca Dhuibhne le taispeántais atá bunaithe an téama 'Bímis le Chéile' a eagrú ar fuaid an bhaile.

Léiríodh cuid den saothar mar chuid d'Fhéile na Cásca i mBaile an Fhirtéaraigh. Is iad na healaíontóirí Kate Buckley, Deirdre Nic Ginneá agus Andrew Duggan a bheidh ag tabhairt faoin obair sna scoileanna. Beidh taispeántas den saothar á sheoladh ar an 9 Meitheamh sa Díseart, An Daingean, Co. Chiarraí

*Tuilleadh eolais: (066) 9151937*






# Oidhreacht Thoraí

Beidh Scoil Samhraidh ar siúl in Oileán Thoraí, Co. Dhún na nGall, idir 14 agus 19 Iúil 2003. Is é Coiste Oidhreachta Thoraí atá ag eagrú agus ag reáchtáil na scoile. Bunaíodh an coiste deonach seo le aird a dhíriú ar oidhreacht bheo oileán Thoraí, idir theanga, ceol, damhsa agus amhránaíocht, chomh maith le stair, seanchas, seandálaíocht, éaneolaíocht agus traidisiúin péintéireachta an oileáin. Deir an coiste gur iarracht atá sa scoil chun oidhreacht chultúrtha an oileáin a chaomhnú agus a fhorbairt.

Ba é Naomh Colmcille a thug an Chríostaíocht go Toraí agus tá ballóga tí pobail a thóg sé ansin go fóill, chomh maith le cros ó aimsir na réamhchríostaíochta agus cloigtheach ó aimsir na Lochlannach. Tá traidisiún láidir amhránaíochta agus ceoil i dToraí agus bhí an-tionchar aige seo ar leithéidí an Bothy Band, Skara Brae, Clannad agus Altan. Chuir an t-ealaíontóir clúiteach as Sasain, Derek Hill, nach maireann, tús le scoil phéintéireachta i dToraí agus tharraing sé clú idirnáisiúnta ar ealaíontóirí an Oileáin.

Cuirfear tús leis an Scoil le fáiltiú agus clárú ar an Domhnach 13 Iúil. Beidh ceardlanna sna hábhair seo a leanas le linn na seachtaine: amhránaíocht ar an sean-nós, bosca ceoil, cnaguirlisí, feadóg stáin agus an fheadóg mhór. Beidh deis ag foghlaimeoirí damhsa sínte, an damhsa traidisiúnta aonarach i dToraí, a fhoghlaim chomh maith le damhsaí seite. Gach oíche le linn na scoile, beidh clár d'imeachtaí eagraithe agus ina measc beidh céilí, léachtanna agus coirmeacha ceoil.

Naoi míle amach ó chósta Thír Chonaill, is féidir bád farantóireachta a fháil go Toraí ón Bhun Beag nó ó Mhachaire Rabhartaigh. Tá gach sórt lóistín le fáil ann, idir brú óige, tithe féinfhreastal, leaba agus bricfeasta agus, dar ndóigh, tá óstán ar an oileán fosta. Beidh an coiste socruithe lóistín a dhéanamh ar do shon.

Má tá spéis agatsa páirt a ghlacadh sa cheiliúradh seo ar thraidisiún suntasach ceoil, amhránaíochta agus damhsa Thoraí, ón Mhaidirín Rua go dtí Amhrán na Scadán, déan teagmháil le Michael Sheáin Mac Ruairí, Baile Thiar, Oilean Thoraí, Co. Dhún na nGall (074) 35507 mrodgers@o2.ie

*Tá tacaíocht faighte ag Scoil Samhraidh Thoraí faoi Scéim Fhorbartha na nEalaíon*

# Dán Aille

Is as Árann an triúir ealaíontóirí Dara Ó Conaola (scríbhneoir), Sean Ó Flatharta (dearcealaíontóir) agus Lasairfhíona Ní Chonaola (amhránaí/cumadóir). Tá taispeántas idirdhisciplíneach cruthaithe ag an triúir ina dtagann na trí réimse ealaíne agus na trí hoileáin le chéile, ina bhfiosraítear a ndúchas Árann-ach, an foinse is mó a spreagann iad.

Mar a mhínigh Dara Ó Conaola:

"Tá cáil mhór ar Árainn de bharr an méid ealaíontóirí a fuair inspioráid ann le blianta fada. Is de bhunú Árann muide atá páirteach sa tionscnamh seo. Bíodh gurb é ár ndúchas Árannach an foinse a spreagann muid araon, ní gá gurb é an léamh céanna atá ag aon duine den triúr againn air."

Is é Seán a bhí i mbun dearadh seit agus úsáidfear teilgeoir le híomhánna ó phictiúir Sheáin agus ó ghrianghrafanna a thóg sé ar na hOileáin a chaitheamh ar scáileáin ar chúl an tseit. Beidh Dara ag rá dánta dá chuid atá cumtha le déanaí aige agus casfaidh Lasairfhíona véarsaí a bhfuil ceol curtha leo.

Tabharfar deis don lucht féachana breathnú thart timpeall an tseit sula dtosaíonn an seó, mar is píosa ealaíne ann féin é.



Seó aon uair a chloig a bheas ann agus tá sé i gceist an chéad léiriú a bheith acu in Áras Éanna, Inis Oírr, i mí Bealtaine. Ansin, tabharfar ar chamchuairt é go hIonaid éagsúla ar fud na Gaeltachta agus ar fud na tíre. Tuilleadh eolais: (086) 8162175 & 099 75021

*Tugadh tacaíocht don tionscnamh seo faoi Scéim Fhorbairt na nEalaíon.*

# Nils-Udo i gConamara



Is dearcealaíontóir é Nils-Udo (ón nGearmáin) a úsáideann an timpeallacht mar a bheadh canbhás ann – is ann a chruthaíonn sé suiteálacha déanta as ábhar ón nádúr.

“Ag déanamh sceitse le bláthanna. Ag péinteáil le scamaill. Ag scríobh le huisce. Ag tarraingt ghaoth na Bealtaine, cosán duilleoige agus í ag titim.....Ag déanamh cleamhnais idir fuaimeanna, dathanna, bolaithe.”

Tá saothair Nils-Udo le feiceáil i chuile charn den domhan ach is i bhfoirm grianghrafanna de na suiteálacha is mó a fheictear iad, mar gheall gur suiteálacha neamhbhuana atá iontu.

Le linn mhí Bealtaine na bliana seo beidh Nils-Udo agus ochtar cúntóirí le feiceáil in áiteanna éagsúla thart timpeall Chonamara Theas agus iad ag cruthú píosaí ealaíne. Tá spéis ar leith léirithe ag an ealaíontóir sa nasc atá idir teanga, cultúr agus tírdhreach sa cheantar agus beidh sé ag fiosrú agus ag tabhairt léargais ar an nasc seo in a chuid ealaíne.

Is tionscnamh é seo atá á reáchtáil ag Féile Ealaíon na Gaillimhe i gcomhair le hIonad Ealaíon na Gaillimhe agus beidh an grianghrafanna a thógfar le linn na tréimhse á dtaispeáint le linn na Féile. Beidh catalóg á fhoilsiú freisin agus táthar ag súil ansin go dtabharfar an taispeántas go hIonaid Ealaíon ar fud an domhain.

Tuilleadh Eolais: Mike Dempsey 091 565 886

*Tugadh tacaíocht don tionscnamh seo faoi Scéim Fhorbairt na nEalaíon*

# Caoineadh Airt Uí Laoghaire



Rinne Cór Ban Chúil Aodha léiriú ar Chaoineadh Airt Uí Laoghaire don gcéad uair riamh ag deireadh Márta in Ionad Cultúrtha Baile Bhuirne. Lámhachadh Art Ó Laoghaire 4 Bealtaine 1773 gairid do Charraig an Ime nuair ná raibh ach na sé bliana fichead slánaithe aige. D’fhill a chapall abhaile go dtí a bhean Eibhlín Dubh Ní Chonaill agus is í a chum an chuid is mó den gcaoineadh.

Is é Peadar Ó Riada stiúrthóir an Chóir agus is é a chum an saothar seo ina bhfuil 390 líne, ón insint béil de chuid Nóra Ní Shindile c. 1800. Bean chaointe ab ea í siúd, ó Bhaile an Mhuilinn, Co. Chorcaí.

Chuir Peadar tús leis an obair seo blianta fada ó shin. Go deimhin féin, léiríodh mír de i gCorcaigh, i mBaile Átha Cliath agus i Londain sa mbliain 1989. Athmhúsclaíodh Cór na mBan in earrach 2001 agus tá fiche ball anois ann. Lasmuigh de bhriseadh an tsamhraidh bíonn cleachtadh seachtainiúil acu agus tá súil acu an taispeántas a bheith ar stáitse i mBaile Átha Cliath i mí na Bealtaine.

*Tuilleadh eolais: Ionad Cultúrtha 026 45733*

# Ealaín na Gaeltachta

## PLEAN FORBARTHA 2004-2008

Tá Ealaín na Gaeltachta, comhpháirtíocht idir An Chomhairle Ealaíon agus Údarás na Gaeltachta, curtha ar bun ar mhaithe leis na healaíona, ar mhaithe le healaíona, idir ealaín chomhaimseartha agus ealaín dúchasach, a fhorbairt agus a chur chun cinn sa Ghaeltacht. I láthair na huaire, clúdaíonn an comhaontú páirtíochta an tréimhse 2001-2003.

Tá tús á chur anois le hullmhúchán do phlean straitéiseach do chur chun cinn na n-ealaíon sa Ghaeltacht, don tréimhse 2004-2008 agus chuige sin tá grúpa comhairleoirí ceaptha le dul i mbun na hoibre.

Tá sé mar aidhm ag an phlean seo clár gníomhaíochta don tréimhse 2004-2008 a chur le chéile don dá chomhlacht agus do pháirtithe ábhartha eile chun a chinntiú:

- go dtabharfar tacaíocht agus aitheantas don chion oibre ar leith gur féidir le healaíontóirí agus le pobail atá ina gcónaí sa Ghaeltacht a dhéanamh do shaol ealaíne na tíre seo agus go hidirnáisiúnta.
- go mbainfear an oiread leasa agus is féidir as na healaíona ar mhaithe le saol cultúrtha, sóisialta agus eacnamaíoch na Gaeltachta

Mar chuid den phróiseas pleanála beidh eolas á bhailiú maidir le fairsingeacht agus ar nádúr na ngníomhaíochtaí ealaíon atá ag dul ar aghaidh sna ceantair Ghaeltachta, chomh maith leis na deiseanna atá ar fáil iontu.

Beidh moltaí/tuairimí i dtaobh an phlean á lorg ó ghrúpaí agus ó dhaoine aonarach a bhfuil suim acu i bhforbairt na n-ealaíon sa Ghaeltacht sa dóigh gur féidir plean foirfe a chur le chéile.

Más mian leatsa nó le d'eagras a bheith páirteach sa chóras pleanála seo, teigh i dteagmháil leis an Áisitheoir Ealaíon i do cheantar chun tuilleadh eolais a fháil.

www.ealain.ie/plean_ealaion/moltai

# Baby Grand don Ionad Cultúrtha



Le cur leis an gclár láidir d’imeachtaí atá ar siúl san Ionad Cultúrtha, Baile Bhúirne tá beartas díreach tugtha chun críche le Pianó “Baby Grand” a cheannach don ionad. Ainmníodh an uirlis nua in ómós do Sheán Ó Riada, an ceoltóir agus an cumadóir idirnáisiúnta a tháinig chun cónaithe go Cúil Aodha agus a fhág oidhreacht luachmhar ceoil le huacht dos na glúinte ina dhiaidh. Tugadh faoi bheartas bailiúchán airgid go háitiúil don Chiste Pianó agus chuir Roinn na Gaeltachta deontas fial ar fáil chomh maith.

Seoladh an Pianó le ceolchoirm speisialta ina raibh Phil Coulter, John Gibson, Geraldine Cotter, Iarla Ó Lionáird, Seán Ó Sé agus Peadar Ó Riada, a chum ceoil go speisialta don ócáid stairiúil seo.

*Tuilleadh Eolais: 026 45733*

## Comórtas Liteartha

**do Dhaltaí Iarbhunscoileanna Gaeltachta (Údarás na Gaeltachta)**

**Aiste, Alt Iriseoireachta, Gearrscéal, Filíocht agus Amhrán (focail amháin)**
**Faoi 16 agus faoi 21**
**Duaiseanna: €100 agus €50**
**Spriocdháta: Dé hAoine 9 Bealtaine 03**
**Tuilleadh eolais/foirmeacha iarratais: ó do Áisitheoir áitiúil**

ealáin — EALAÍN NA GAELTACHTA TEORANTA

Suíomh Idirlín:
**www.ealain.ie**
Eolaire Ealaíon, Dánlann, Nuacht agus Ealaíona na Gaeltachta!

## Áisitheoirí Ealaíon Údarás na Gaeltachta


Tír Chonaill: Anna Ní Bhroin (075) 60100
a.nibhroin@udaras.ie
Connacht & Co. na Mí: Majella Ní Chríocháin
(091) 503 197 mnichriochain@udaras.ie
Mumhan: Eibhlín de Paor (066) 9150100/ (026) 45366
e.depaor@udaras.ie
Feidhmeannach Ealaíon:
Mícheál Ó Fearraigh (075) 60100 m.fearraigh@udaras.ie



**EALAÍONA NA GAELTACHTA**
An chéad eagrán eile: Iúil 2003



ealáin — EALAÍN NA GAELTACHTA TEORANTA
Údarás na Gaeltachta
NDP
arts council / an chomhairle ealaíon


## An tAgallamh — Caitlín Ní Ghallchóir

### Is ealaíontóir súl í Caitlín Ní Ghallchóir agus tá sí ina cónaí i mBun an Leaca, in Iarthuaisceart Dhún na nGall. Chuir Anna Ní Bhroin faoi agallamh í:



**Caidé mar a thosaigh an chleamhnas seo idir tú féin agus an ealaín, a Chaitlín?**

Bhí spéis mhór agam in ealaín agus mé ar scoil. Mheas mé nach raibh go leor ama againn le healaín a dhéanamh. Nuair a d’fhág mé an scoil, rinne mé cúrsa péintéireachta agus maisithe le AnCo, nó FÁS mar a thugtar anois orthu, i nGaoth Dobhair agus i mBaile Átha Cliath. Chaith mé ceithre bliana i mbun na ceirde sin agus ina dhiaidh sin, thosaigh mé ag obair sa chomhlacht siúinéireachta a bhí ag an teaghlach sa bhaile. Le linn an ama seo thosaigh mé ag freastal ar ranganna ealaíne san oíche. Casadh Melita Donaria, ealaíontóir as Inis Eoghain, orm agus bhí tionchar mhór aici orm agus ar mo chuid ealaíne. Bhí dúil mhór agam i ndéanamh ealaíne agus rinne mé suas m’intinn go rachainn chun na hollscoile le staidéar a dhéanamh ar ealaíon. I 1996, chláraigh mé le Ollscoil Uladh in York Street i mBéal Feirste le céim a dhéanamh sna míndána.

**Caidé mar a bhí dúil agat san Ollscoil?**

Chuaigh an tréimhse a chaith mé ar an Ollscoil i bhfeidhm go mór orm. Tugadh deis dom díriú go hiomlán ar mo chuid ealaíne agus bhí saoirse iomlán agam am agus dua a chaitheamh le próiséas na cruthaitheachta. Chaith mé cuid mhór ama ag léamh faoi ealaíon, faoi stair na healaíne agus faoi ealaíontóirí. Agus, dar ndóigh, b’ábhar inspioráide dom é a bheith ag obair agus a bheith i measc ealaíontóirí eile.

**Tá tú féin ag teagasc ealaíon i bPobalscoil Ghaoth Dobhair chomh maith le rang oíche sa Dánlann Dearg i gCarraig an tSeascain. Inis domh faoi sin.**

Tá dúil mhór agam amharc ar na chéad píosaí ealaíne a dhéanann daltaí sa chéad bhliain sa mheánscoil! Bíonn soineantacht san ealaíon bhunúsach, nó ‘primitive’, seo os rud é nach bhfuil foghlaim fhoirmeálta ar bith déanta acu ar ealaín go dtí sin. Bíonn trua orm é sin a athrú ach, mar mhúinteoir, caithfear an cúrsa a theagasc agus na scileanna a thabhairt do na daltaí go foirmeálta.

Is iontach an deis a thugann rang oíche ealaíne do dhaoine fásta mar gur beag seans a bhíonn acu go minic a bheith cruthaitheach ina saol. Cuirtear an saothar uilig ar taispeántas sa Dánlann Dearg ag deireadh na bliana. Is maith leo a gcuid oibre a fheiceáil ar an bhalla agus tugann seo misneach agus tacaíocht dóibh mar ealaíontóirí.

**Cén difir is mó a fheiceann tú féin i do chuid ealaíne anois i gcomparáid le nuair a thosaigh tú?**

Tá níos mó dathanna i mo chuid pictiúr anois ná mar a bhíodh agus fosta, tá siad i bhfad níos teibí ná mar a bhí siad ag an tús.

**Tá cuid mhór ealaíontóirí súl ina gcónaí i dTír Chonaill, idir ealaíontóirí áitiúla agus ealaíontóirí as baile isteach. Cad chuige seo, i do bharúil?**

Amharc thart ort! Tá taobh tíre anseo níos deise ná in áit ar bith eile, idir cósta, portach, aibhneacha, locha agus sléibhte. Tá ábhar inspioráide anseo d’achan chinéal ealaíontóir.

**An bhfuil an taobh tíre seo mar ábhar inspioráide agatsa?**

Faighim inspioráid ón dúlra thart orm agus is maith go mór liom an aimsir sa cheantar seo. Is deise liom i bhfad lá doiléir ná lá gréine! Is maith liom an dóigh a bhíonn an ghrian ag briseadh tríd na néalta ar lá doininne agus an dóigh a bhíonn an solas agus na dathanna. Tá tionchar mór ag seanamhráin na háite seo ar mo shaothar fosta. Éistim go minic leis na seanamhráin agus cuireann téama an amhráin, nó véarsa, nó líne, nó focal pictiúr i m’intinn.

**Caidé atá ar siúl agat faoi láthair?**

Thosaigh mé ar thréimhse scoláireachta Mhaggie Hughie Eoghain le gairid. Tugann seo deis dom trí mhí a chaitheamh ag déanamh ealaíne i gCló Cheardlann na gCnoc le Ian Joyce agus a bhean, Oona Hyland, agus mar chuid den scoláireacht, gheobhaidh mé deis an córas priontála a fhoghlaim. Tá súil agam taispeántas a chur le chéile le linn na scoláireachta.

**Cén áit a bhfeiceann tú tú féin i gceann deich mbliana?**

Anseo, sa bhaile, agus tá súil agam a bheith ag déanamh ealaíne i gcónaí. Tá stáid na healaíne anseo níos folláine anseo ná mar a bhí riamh. Tá i bhfad níos mó aird ag daoine ar ealaín mar go bhfuil níos mó de thart orainn. Bíonn sé sna páipéir go laethúil, in irisí agus ar an teilifís. Tá níos mó spásanna thart orainn le ealaín a fheiceáil ann, fiú i nGaoth Dobhair agus ar an Fhál Carrach! Dúirt fear liom ag taispeántas ealaíne ar na mallaibh gur seo ré órga na healaíne sa cheantar! B’fhéidir go bhfuil an ceart aige!




Dearadh: CAOMHÁN Ó SCOLAÍ 091-505921 / 028-90243192